GAEILGE IORRAIS

| Preasráiteas | Tuilleadh eolais: | |
|---|---|---|
| 04.11.2024 | gaeilgeiorrais@gmail.com | www.gaeilgeiorrais.ie |
| | **097-29023** | @gaeilgeiorrais |

# Comhghairdeas ó chroí le páistí as Gaeltacht Iorrais a ghlac páirt in Oireachtas na Samhna 2024

Déanann Gaeilge Iorrais comhghairdeas ó chroí leis an gceathrar duine óg as Gaeltacht Iorrais a ghlac páirt in Oireachtas na Samhna i gCill Airne an tseachtain seo caite.

- Ghlac Fionn Ó hIarbháin (Scoil Bhreandáin, Eachléim & Craobh Chlann Lir Iorrais) páirt i gcomórtas ar an bhfeadóg stáin (comórtas B d'iomaitheoirí atá 10-12 bliain d'aois ar Lá Samhna 2024) agus páirt sa chomórtas amhránaíochta ar an sean-nós (comórtas G d'iomaitheoirí atá 12-13 bliain d'aois ar Lá Samhna 2024).
- Bhí Paddy Ó hIarbháin (Scoil Bhreandáin, Eachléim & Craobh Chlann Lir Iorrais) páirteach sa chomórtas amhránaíochta ar an sean-nós (comórtas G d'iomaitheoirí atá 12-13 bliain).
- Ghlac Nell Ní Mhongáin (SN Dhumha Thuama & Craobh Chlann Lir Iorrais) páirt i gcomórtas amhránaíochta ar an sean-nós (comórtas E d'iomaitheoirí atá 10 mbliana d'aois.

Bhí orthu amhrán amháin de rogha an iomaitheora (amhrán mall nó amhrán tapaidh) a rá i stíl an tsean-nóis. Ba álainn ar fad na fonnadóirí óga seo as Gaeltacht Iorrais a chloisteáil ag góilín go binn agus go mórtasach ag féile mhór na nGael. Nár laga Dia iad. Bualadh bos speisialta do Paddy Ó hIarbháin a bhain an dara háit agus bonn amach ina rannóg siúd. Chas Paddy leagan álainn áitiúil d'amhrán clúiteach ón gceantar Gaeltachta seo 'Cúirt Bhaile Nua'. Chas Fionn leagan ársa den amhrán áitiúil 'Sail Óg Rua' go fonnmhar. Dúirt Nell leagan áitiúil den amhrán tragóideach 'Liam Ó Raghallaigh' ina glór binn uathúil.

D'éirigh le hEimear de Róiste (Scoil Bhreandáin, Eachléim & Craobh Chlann Lir Iorrais) an 2ú háit a bhaint sa chomórtas scéalaíochta (comórtas A d'iomaitheoirí atá idir 4-8 bliain d'aois ar Lá Samhna 2024). B'éigean di scéal a insint i modh traidisiúnta agus an scéal gaiscíoch 'Domhnall Dualbhuí' ón gceantar seo ráite go deisbhéalach aici. Seo scéal a bhailigh a sin-seanathair roimpi (Séamus nó Jim Phaddy Mag Uidhir as Dumha Thuama) agus atá i gcló aige sa mbailiúchán 'Dhá Chrann na Marbh' (1939).



Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.

Tá moladh mór millteach ag dul do na páistí seo go léir. Ba mhaith linn a gcuid buanna agus rannpháirtíochta ar ardchaighdeán a threaslú leofa, lena gcuid tuismitheoirí, lena muintir, lena scoileanna agus lena múinteoir amhránaíochta Síle Uí Mhongáin. Tá obair éachtach déanta ag Síle agus Séamus Ó Mongáin (mar aon le Mícheál Ó Seighin agus Pádhraic S Ó Murchú rompu) ag bailiú, ag caomhnú agus ag seachadadh leaganacha áitiúla de na hamhráin sean-nóis as iarthuaisceart Mhaigh Eo. Tá Síle Uí Mhongáin i mbun chlár amhránaíochta ar an sean-nós i scoileanna Gaeltachta Iorrais le díograis agus le dúthracht agus a bhuí le tacaíocht ó scéim Neartú Ealaín na Gaeltachta atá á comhordú ag Gaeilge Iorrais ó 2020. Tá bláthú ag teacht ar an obair seo i gcaitheamh an ama agus go leor suime anois san amhránaíocht ar an sean-nós i measc an aosa óig sna scoileanna Gaeltachta agus roinnt duaiseanna bainte ag páistí Iorrais ag fleadhanna agus ag Oireachtas na Samhna le dhá bhliain anuas. Gura fada buan iad.

Bhí scéim ag Gaeilge Iorrais chun tacú le teaghlaigh le Gaeilge as Gaeltacht Iorrais freastal ar Oireachtas na Samhna i mbliana. Chruinnigh na teaghlaigh i gcuideachta a chéile sa lobbaí in Óstán Ghleann an Iolair tráthnóna Dé hAoine le sult a bhaint as scoth an cheoil agus na hamhránaíochta ó aos óg Iorrais faoi stiúir an cheoltóra ardtallainne as Iorras, Séamus Ó Mongáin. Níorbh fhada go raibh muintir Ráth Chairn (cuid acu de shliocht Iorrais) agus daoine óga eile páirteach sa seisiún agus teacht le chéile speisialta seo. Tá muid ag súil chomh mór le tuilleadh a chloisteáil ó óige Iorrais, bíodh sin agus iad ag gabháil fhoinn, i mbun scéalaíochta, ag comhrá Gaeilge nó ag ceol.

Cinntíonn an obair agus an comhoibriú seo go léir go bhfuil an saibhreas agus an oidhreacht shainiúil seo slán don chéad ghlúin eile d'óige Iorrais. Tá muid maraithe le bród leis an dul chun cinn agus rannpháirtíocht na bpáistí go dtí seo. Níl an borradh seo ach ina thús agus le chéile, beidh muid ag cur lenár gcuid oibre sa réimse seo de réir a chéile. Ar aghaidh linn!

**Nóta maidir le Scéim Neartú (Ealaín na Gaeltachta)**

Tá cothú agus cur chun cinn na n-ealaíon dúchasach i measc na hóige sa Ghaeltacht ar cheann de na bearta atá leagtha amach sa *Phlean Gníomhaíochta don Ghaeilge 2018-2022* agus sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge*. Tá Ealaín na Gaeltachta (comhpháirtíocht idir Údarás na Gaeltachta agus An Chomhairle Ealaíon) ag comhoibriú le Roinn na Gaeltachta leis an mbeart seo a chur i bhfeidhm tríd an gclár Cuisle - Scéim Neartú san áireamh. Tá Gaeilge Iorrais ag leanúint leis an gclár amhránaíochta ar an sean-nós sna 6 bhunscoil Ghaeltachta in Iorras agus a bhuíochas leis an tacaíocht ó Ealaín na Gaeltachta faoin gclár Cuisle (scéim Neartú). Bhí breis agus 230 páiste bunscoile rannpháirteach ann le linn 2023/24.



Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.